Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Lúnasa 2023**
**(OR. en)**

**12496/23**
**ADD 1**

**MI 699**
**IND 442**
**COMPET 824**
**AGRI 475**
**AGRIFIN 102**
**AGRILEG 167**
**VETER 79**
**DENLEG 39**
**SAN 495**
**PHYTOSAN 60**
**STATIS 51**
**ECOFIN 842**
**CADREFIN 114**
**SEMENCES 50**
**DELACT 123**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Lúnasa 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 4993 final, IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunú creata faireacháin agus meastóireachta le haghaidh Chlár an Mhargaidh Aonair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 4993 final, IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: C(2023) 4993 final, IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.7.2023
C(2023) 4993 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunú creata faireacháin agus meastóireachta le haghaidh Chlár an Mhargaidh Aonair**

{SWD(2023) 271 final}

**IARSCRÍBHINN**

**Liosta de tháscairí dara leibhéal maidir le creat faireacháin agus meastóireachta Chlár an Mhargaidh Aonair dá dtagraítear i Rialachán (AE)2021/690**

1. Táscairí cláir ar leibhéal an dearaidh

   (a) Táscairí aschuir

      (1) OP 0.1.: Líon agus ábhar na ngníomhaíochtaí oiliúna lena gcumhdaítear níos mó ná réimse beartais amháin (ag a bhfuil clár coiteann, nó láthair choiteann nó rannpháirtithe coiteanna nó dáta coiteann)

      (2) OP 0.2.: Líon na ngníomhaíochtaí soláthair comhpháirtigh: comhcheannaigh bunachar sonraí, staidéir chomhpháirteacha, Eorabharaiméadair agus creatchonarthaí comhpháirteacha

      (3) OP 0.3.: Líon na dtionscadal coiteann TF, agus na costais ghaolmhara a bhaineann le forbairt, lena dtacaítear le níos mó ná réimse beartais amháin

      (4) OP 0.4.: An líon uaireanta a rinneadh Leithreasuithe faoi chomhair Gealltanas agus Leithreasuithe faoi chomhair Íocaíochtaí a bhogadh idir ASanna ó líne bhuiséid amháin go ceann eile

      (5) OP 0.5.: Éifeacht an scála ar choigilteas in acmhainní agus infheistíochtaí (uirlisí, foireann, am) ar feadh rialú na ngníomhaíochtaí riaracháin, TF agus cumarsáide

   (b) Táscairí toraidh

      (1) RES 0.1.: Sástacht na rannpháirtithe san gníomhaíochtaí oiliúna lena gcumhdaítear níos mó ná réimse beartais amháin (ag a bhfuil clár coiteann, nó láthair choiteann nó rannpháirtithe coiteanna nó dáta coiteann)

      (2) RES 0.2.: Coigilteas ó ghníomhaíochta soláthair comhpháirtigh: comhcheannaigh bunachar sonraí, staidéir chomhpháirteacha, Eorabharaiméadair agus creatchonarthaí comhpháirteacha

      (3) RES 0.3.: Tomhas ar rath na bhfeachtas comhpháirteach

      (4) RES 0.4.: Ráta sástachta úsáideoirí ar chórais TF

2. Táscaire leibhéil ábhair - Cuspóir 1: Margadh aonair níos éifeachtaí

   (a) Táscairí aschuir

      (1) OP 1.1.: Líon na réimsí beartais a chumhdaítear le IMI

      (2) OP 1.2.: Líon na nósanna imeachta um chomhar riaracháin in IMI

   (b) Táscairí toraidh

      (1) RES 1.1.: Meastachán ar thairbhí custaiméara mar thoradh ar chinntí toirmiscthe cairtéil

(2) RES 1.2.: Iomlán an chaiteachais Státchabhrach a thagann faoi Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún[1] mar chéatadán d'iomlán na Státchabhrach san Aontas

(3) RES 1.3.: Meastachán ar thairbhí custaiméara mar thoradh ar idirghabhálacha cumaisc

(4) RES 1.4.: Meastachán ar thairbhí custaiméara mar thoradh ar idirghabhálacha neamh-chairtéil in aghaidh trustaí

(5) RES 1.5: An líon cuairteanna ar SAn Eoraip Agatsa – Comhairle (YEA)

(6) RES 1.6.: Feidhmíocht YEA

(7) RES 1.7.: Malartuithe Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) san iomlán

(8) RES 1.8.: Líon na n-údarás inniúil a úsáideann IMI

3. Cuspóir 2: Tacaíocht do FBManna

(a) Táscairí aschuir

OP 2.1.: An líon FBManna a bhaineann tairbhe as maoiniú tríú páirtí chun bheith rannpháirteach i dtionscadail chun feabhas a chur ar a gcuid iomaíochais, inbhuanaitheachta agus/nó digitithe, agus/nó chun próisis ghnó a nuáil

(b) Táscairí toraidh

(1) RES 2.1.: Ráta sástachta Cliant le haghaidh seirbhísí suaitheanta tacaíochta i gcomhair FBManna

(2) RES 2.2.: An líon FBManna dá dtugtar tacaíocht agus a thug faoi atheagrú próiseas gnólachta ceangailte le hoiriúnú teicneolaíoch as ar eascair dul chun cinn maidir lena n-aistriú glas (lena n-áirítear feidhmíocht aeráide fheabhsaithe agus / nó inbhuanaitheacht níos airde

(3) RES 2.3.: An líon FBManna dá dtugtar tacaíocht agus a thug faoi atheagrú próiseas gnólachta ceangailte le hoiriúnú teicneolaíoch as ar eascair digitiú níos airde

(4) RES 2.4.: An líon FBManna dá dtugtar tacaíocht (trí thacaíocht dhíreach / maoiniú tríú páirtí) agus a chuir feabhas ar a gcuid scileanna le haghaidh samhlacha gnó agus cleachtais ghnó a chur chun feidhme agus/nó ar a gcuid scileanna digiteacha mar thoradh ar a bheith rannpháirteach sa tionscadal

(5) RES 2.5.: An céatadán gnólachtaí atá aeráidneodrach nó aeráid-diúltach, nó a bhfuil straitéis ar bun acu cheana chun na críche sin, (i.e. chun laghdú a chur ar a lorg carbóin agus teacht chun bheith aeráidneodrach nó aeráid-diúltach).

(6) RES 2.6: Ualach rialacháin rialtais

(7) RES 2.7.: An líon úsáideoirí seirbhísí digiteacha nó uirlisí faisnéise digití arna soláthar ag an gclár

[1] Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 lena ndearbhaítear catagóirí áirithe cabhrach a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187 26.6.2014, lch. 1)

4. Cuspóir 3: Caighdeáin Eorpacha éifeachtacha

Táscairí toraidh

(1) RES 3.1.: An líon tíortha a úsáideann na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais

(2) RES 3.2.: An líon dréacht-Chaighdeán EorpachaTuairiscithe Inbhuanaitheachta (ESRS) arna n-ullmhú ag an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG), agus an cumhdach a bhaineann leo, i gcomhréir le sainordú na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD)

(3) RES 3.3.: Foilsiú saincheisteanna leasa poiblí ag an mBord Maoirseachta um Leas an Phobail (PIOB)

5. Cuspóir 4: Cosaint tomhaltóirí

(a) Táscairí aschuir

(1) OP 4.1.: An líon údarás atá rannpháirteach sna gníomhaíochtaí comhpháirteacha maidir le sábháilteacht táirgí (CASP)

(2) OP 4.2.: An líon gníomhaíochtaí oiliúna *Consumer Law Ready* agus *ConsumerPro*

(3) OP 4.3.: An líon rannpháirtithe i mór-imeachtaí cumarsáide beartais tomhaltóra

(4) OP 4.4.: An líon preaseisiúintí ó thairbhithe

(5) OP 4.5.: An líon comhdhálacha, seimineár, seimineár gréasáin arna n-eagrú ag na tairbhithe

(6) OP 4.6.: An líon cruinnithe le Coimisinéirí, Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, ionadaithe ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, ó Choiste na Réigiún agus ó Bhuanionadaíochtaí.

(b) Táscairí toraidh

(1) RES 4.1.: Toradh ar fhiosruithe tomhaltóirí chuig Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí (ECC-Net)

(2) RES 4.2.: An líon beart maidir le táirgí neamhbhia contúirteacha faoinar tugadh foláireamh d'ardán an Gheata Sábháilteachta

(3) RES 4.3.: An líon comhlachtaí Réiteach Malartach Díospóidí dá dtugtar tacaíocht

(4) RES 4.4.: An líon leantóirí meán sóisialta de chuid na dtairbhithe

6. Cuspóir 5: Sábháilteacht bia

(a) Táscairí aschuir

OP 5.1.: An líon tástálacha inniúlachta idir-shaotharlainne agus gníomhaíochtaí tástála comparáidí arna n-eagrú ag saotharlanna tagartha an Aontais le haghaidh saotharlanna tagartha náisiúnta

(b) Táscairí toraidh

RES 5.1.: Ráta sástachta foriomlán na rannpháirtithe a bhí i láthair go pearsanta ag oiliúint BTSF

(c) Táscairí tionchair

IMP 5.1.: An líon Ballstát a chistítear agus a rinne sonraí a bhailiú agus a thuairisciú go tráthúil don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) maidir le díolacháin táirgí íocshláinte tréidliachta frithmhiocróbacha agus maidir le húsáid táirge míochaine tréidliachta frithmhiocróbacha in ainmhithe

7. Cuspóir 6: Staidreamh Eorpach

(a) Táscairí aschuir

(1) OP 6.1.: Cumhdach staidrimh (arna thomhas mar líon táscairí, fo-tháscairí agus gach miondealú orthu)

(2) OP 6.2.: So-Úsáidteacht shuíomh gréasáin Eurostat

(3) OP 6.3.: An líon rannpháirtithe sna cúrsaí ESTP maidir le foinsí agus modhanna nuálaíocha le haghaidh staidreamh oifigiúil

(b) Táscairí toraidh

(1) RES 6.1.: An líon seisiún bunachar sonraí (ina milliúin) arna ndéanamh ag úsáideoirí seachtracha ó bhunachar sonraí tagartha Eurostat trí shuíomh gréasáin Eurostat.

(2) RES 6.2.: Tráthúlacht an staidrimh, arna tomhas de réir na n-eisiúintí nuachta de thacar staidrimh ráithiúil agus mhíosúil.

(3) RES 6.3.: An líon tacar sonraí nua staidrimh thurgnamhaigh a foilsíodh.

(4) RES 6.4.: Muinín úsáideoirí i staidreamh Eorpach

(5) RES 6.5.: An líon socruithe riaracháin ar a ndéanann Eurostat athbhreithniú nó athnuachan, nó a shíníonn sé, gach bliain lena chuid príomh-comhpháirtithe

(6) RES 6.6.: An líon tionscadal taighde lena n-iarrtar rochtain ar mhicrea-shonraí Eorpacha i mbunachar sonraí Eurostat.

(c) Táscairí tionchair

IMP 6.1.: An líon leantóirí Eurostat agus ráta rannpháirteachais ar mheáin shóisialta.